An síneadh fada agus an t-idirlíon

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi reachtaíocht nua a chabhróidh le húsáid na Gaeilge agus teangacha eile ar an idirlíon. Sula bhféachann tú ar an tuairisc, an féidir leat féin agus an duine in aice leat Gaeilge a chur ar na focail agus na frásaí seo thíos? Féachaigí ar an mír le feiceáil an raibh an ceart agaibh.

- European Members of Parliament _____
- length accents _____
- a good portion _____
- that the EU must _____
- convince _____
- software companies _____
- to influence _____
- online banking _____
- specifically _____
- restricted _____
- restrictions _____
- domain name _____
- maturity _____



Ceist 2 Féach ar an mír den dara huair agus freagair na ceisteanna seo:

1. Cén moladh atá déanta i dtuarascáil Emily Taylor?
2. Cén fáth a bhfuil Conradh na Gaeilge ag cur brú ar Fheisirí na hEorpa?
3. Cén fáth ar luadh suíomhanna Aer Lingus, Ryanair agus Iarnród Éireann sa mhír?
4. Cad a bhí le rá ag Conn Ó Muíneacháin faoin scéal?

Ceist 3 '…Mí an Mhárta…'

1. Scríobh amach míonna na bliana ar fad sa chéad cholún sa tábla thíos.
2. Ansin, scríobh amach arís iad sa dara colún, ***ach*** cuir an focal 'mí' rompu. Bí cúramach! Ní i gcónaí a bhíonn litriú na míonna mar an gcéanna tar éis an fhocail 'mí'.

Míonna na Bliana	
Márta	Mí an M**h**árta

Ceist 4 '… reachtaíocht nua **an Choimisiúin Eorpaigh** …'
ACH '… reachtaíocht nua **na Cúirte Eorpaí** …'

1. Cén fáth nach ionann an dá fhoirm den aidiacht 'Eorpach' sna samplaí thuas?

2. Bain amach na lúibíní sna samplaí thíos agus cuir an fhoirm cheart den aidiacht sna bearnaí:

   - cóta an fhir (beag) _____
   - cóta na mná (beag) _____
   - clúdach an leabhair (suimiúil) _____
   - clúdach na cáipéise (suimiúil) _____
   - díon an tí (mór) _____
   - díon na seide (mór) _____

Ceist 5 '…dul i gcion ar…'

Is minic an focal ***cion*** i bhfrásaí coitianta. Cad is brí leis na cinn seo thíos? Cuir in abairtí iad lena mbrí a léiriú.

cion ag duine ar dhuine
tú féin a chur i gcion
rud a chur i gcion ar dhuine
rud a chur ó chion

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat, nó le do ghrúpa.

1. An bhfuil aon suíomh idirlín nach nglacann an leagan ceart de d'ainm? Cad é?
2. Cén fáth a bhfuil sé tábhachtach go nglacfadh fearann ***.ie*** ainmneacha le síneadh fada, dar leat?
3. An mbaineann tú úsáid as an leagan Béarla nó an leagan Gaeilge de d'ainm? Cén fáth?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1
Is féidir an stór focal seo a phlé tar éis féachaint amháin.

European Members of Parliament – *Feisirí Eorpacha*
length accents – *síntí fada*
a good portion – *sciar maith*
that the EU must – *nach mór don Aontas Eorpach*
convince – *cuir ina luí ar*
software companies – *comhlachtaí bogearraí*
to influence – *dul i gcion ar*
online banking – *baincéireacht ar líne*
specifically – *go sonrach*
restricted – *srianta*
restrictions – *srianta*
domain name – *ainm fearainn*
maturity – *aibíocht*

Ceist 2
Féach an script.

Ceist 3

Míonna na Bliana	
Eanáir	Mí Eanáir
Feabhra	Mí Feabhra
Márta	Mí an Mhárta
Aibreán	Mí Aibreáin
Bealtaine	Mí na Bealtaine
Meitheamh	Mí an Mheithimh
Iúil	Mí Iúil
Lúnasa	Mí Lúnasa
Meán Fómhair	Mí Mheán Fómhair
Deireadh Fómhair	Mí Dheireadh Fómhair
Samhain	Mí na Samhna
Nollaig	Mí na Nollag

Ceist 4
1. ‘reachtaíocht nua **an Choimisiúin Eorpaigh**’: Tá an aidiacht ‘eorpach’ ag réiteach leis an ainmfhocal ‘coimisiún’, atá sa <u>tuiseal ginideach uatha, firinscneach.</u>
   ‘reachtaíocht nua **na Cúirte Eorpaí**’: Tá an aidiacht ‘eorpach’ ag réiteach leis an ainmfhocal ‘cúirt’, atá sa <u>tuiseal ginideach uatha, baininscneach</u>.

2.
cóta an fhir **bhig**
cóta na mná **bige**
clúdach an leabhair **shuimiúil**
clúdach na cáipéise **suimiúla**
díon an tí **mhóir**
díon na seide **móire**

Ceist 5
cion a bheith agat ar dhuine – *to be fond of someone*
tú féin a chur i gcion – *to assert yourself*
rud a chur i gcion ar dhuine – *to impress on someone*
rud a chur ó chion – *to ruin something*

Ceist 6
Is féidir gach beirt a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin cuid de na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

Eimear Ní Chonaola
Tá Conradh na Gaeilge le brú a chur ar Fheisirí Eorpacha tacú le reachtaíocht nua an Choimisiúin Eorpaigh, a chuirfeadh le húsáid na Gaeilge agus teangacha eile ar an idirlíon. I láthair na huaire, ní ghlactar le hainmneacha Gaeilge a bhfuil síntí fada orthu ar sciar maith suíomhanna tráchtála.

Shane Ó Curraighín
Ní ghlacann leithéid Aer Lingus, Ryanair ná Iarnród Éireann le hainmneacha ar a suíomhanna gréasáin má tá síneadh fada iontu. Deirtear i dtuarascáil nua le Emily Taylor nach mór don Aontas Eorpach a chur ina luí ar chomhlachtaí teicneolaíochta, freastal níos fearr a dhéanamh ar dhaoine ar mian leo an t-idirlíon a úsáid ina dteanga féin.

Conn Ó Muíneacháin, Blacknight
Tá na caighdeáin sin curtha i bhfeidhm, agus tá na spriocacha[1] sin leagtha amach, is é sin, go gcaithfear an freastal a dhéanamh ar na carachtair agus ar na teangacha éagsúla ar domhan. Ach anois, bíonn moill idir an sprioc a chur roimh na daoine agus an obair a dhéanamh, agus déanfar an obair má tá éileamh nó má tá iachall[2] curtha ar chomhlachtaí bogearraí an obair sin a dhéanamh.

Shane Ó Curraighín
Tacaíonn UNESCO le moladh Emily Taylor, nach mór don Aontas Eorpach dul i gcion ar chomhlachtaí teicneolaíochta chun freastal níos fearr a dhéanamh ar líne ar theangacha na hEorpa.

Peadar Mac Fhlannchadha, Leas-Ard-Rúnaí Chonradh na Gaeilge
Má bhíonn tú ag iarraidh ticéad a cheannach ar Ryanair, Aer Lingus, má bhíonn tú ag iarraidh plé le baincéireacht ar líne, ní ghlacfar le síneadh fada ar d'ainm nó seoladh, agus tagann siad ar ais chugat go bhfuil carachtair[3] aisteacha in úsáid agat, mar a déarfá. Ós rud é anois go bhfuil an moladh sin curtha ar aghaidh go dtí an Eoraip agus go sonrach go dtí na Baill Pharlaiminte, beidh Conradh na Gaeilge ag tacú leis sin. Beimid ag scríobh chuig na Baill Pharlaiminte, de chuid na tíre seo, ag iarraidh orthu tacú leis an moladh seo.

Shane Ó Curraighín
Athrófar na rialacha a bhaineann le suíomhanna gréasáin ***.ie*** a chlárú i Mí an Mhárta.

Conn Ó Muíneacháin, Blacknight
Go stairiúil, bhí sé srianta go maith ó thaobh cad é an sórt ainm fearainn a d'fhéadfá a chlárú sa bhfearann ***.ie***. Ach anois, tá sé sin dá leathnú amach, tá na srianta sin dá mbaint[4] agus is comhartha é seo ar an aibíocht atá tagtha ar earnáil an idirlín in Éirinn.

Shane Ó Curraighín
Pléifear reachtaíocht a bhaineann le suíomhanna gréasáin a chlárú i bParlaimint na hEorpa go gairid.

Shane Ó Curraighín, Nuacht TG4.

[1] *spriocanna* an leagan caighdeánach
[2] *iachall = iallach*
[3] *carachtairí* a dúradh
[4] *á leathnú* agus *á mbaint* na leaganacha caighdeánacha